

## Ábhair

1.	Céard is Sochar Míthreorach ann?	3
2.	Conas a cháilítear?	3
3.	Cé mhéid is féidir a fháil?	4
4.	Conas a dhéantar measúnú ar chailliúint na gcumas fisiciúil nó meabhrach?	4
5.	Conas a fhaightear an íocaíocht?	5
6.	Conas agus cén uair ba cheart iarratas a dhéanamh?	5
7.	Cén bunús ar an ndéantar siardhátú ar éilimh?	6
8.	Céard a tharlaíonn má theastaíonn uaim iarratas a chur isteach ar Shochar Míthreorach níos déanaí?	7
9.	An féidir liom íocaíochtaí leasa shóisialaigh eile a fháil le Sochar Míthreorach?	8
10.	An féidir iarratas a chur isteach ar chostais leighis?	11
11.	Cén áit ar féidir a thuilleadh eolais a fháil?	11

Iúil 2007

Ó am go chéile athraíonn na coinníollacha cáilithe le haghaidh na scéimeanna seo againne. Déan seiceáil i gcónaí leis an Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil nó déan teagmháil lenár Seirbhísí Eolais le fáil amach an bhfuil athrú ar na coinníollacha (féach ar leathanach 11 do na sonraí teagmhála).

Tá an t-eolas sa leabhrán seo i gceart agus é ag dul i gcló.



## 1. Céard is Sochar Míthreorach ann?

Má éiríonn tú gortaithe i do chuid oibre nó má thógann tú galar oibre forordaithe (galar atá bainteach le hobair, a chiallaíonn go bhfuil tú cáilithe d'íocaíocht leasa shóisialaigh), d'fhéadfá a bheith i dteideal sochair a fháil faoin Scéim um Shochair Dhíobhálacha Ceirde. I measc na sochar seo, tá Sochar Míthreorach, atá roinnte ina chnapshuim amháin nó i bpinsean rialta, agus é ag brath ar éifeacht an ghortaithe nó an ghalair.

## 2. Conas a cháilítear?

Beidh tú cáilithe má tá tú:

- ag obair agus ag íoc ÁSPC in Aicme A, B\*, D, J nó M, agus
- tar éis cumais fhisiciúla nó mheabhrach a chailliúint mar gheall ar:
  - timpiste le linn do chuid oibre,
  - timpiste taistil ar bhealach díreach idir d'áit chónaithe agus d'áit oibre, nó
  - galar forordaithe a thóg tú le linn do chuid oibre.

\*Ní féidir le státseirbhísigh atá faoi árachas in Aicme B de ÁSPC, Sochar Míthreorach a fháil don chéad 26 seachtain tar éis dháta na timpiste, faoin Scéim um Dhíobhálacha Ceirde. D'fhéadfaidís leath an ghnáthráta de Shochair Míthreorach a fháil tar éis na tréimhse seo (bíonn an leath eile á íoc ag an bPríomhroinn nó ag an eagraíocht stáit atá bainteach).

### 3. Cé mhéid is féidir a fháil?

Braitheann d'íocaíocht ar an oiread míthreorach atá ort, de réir mar a bhíonn measúnaithe ag dochtúir.

Má tá níos lú ná aon chúigiú de do chumais fhisiciúla nó mheabhrach caillte agat, íoctar Sochar Míthreorach leat mar chnapshuim de ghnáth. Braitheann méid na cnapshuime ar an oiread míthreorach atá i gceist agus ar an bhfad a mbeidh an míchumas ort.

Is féidir leat Pinsean Míthreorach a fháil má dheimhníonn dochtúir go bhfuil aon chúigiú nó níos mó de do chumas fisiciúil nó meabhrach caillte agat. Má tá cailliúint an chumais fhisiciúil nó mheabhrach idir 10% agus 19%, beidh rogha agat cnapshuim aon uaire a fháil nó pinsean beag seachtainiúil. Tá na rátaí is airde de Shochar Míthreorach le feiceáil i leabhrán Rátaí na nÍocaíochtaí **SW 19**.

### 4. Conas a dhéantar measúnú ar chailliúint na gcumas fisiciúil nó meabhrach?

Déanfaidh measúnóir leighis ón Roinn comparáid idir do chás fisiciúil agus meabhrach faoi láthair agus do shláinte roimh an timpiste, chomh maith le comparáid idir tú féin agus duine sláintiúil den aois agus den inscne chéanna.

Ansin déanfaidh an measúnóir leighis measúnú ar chailliúint na gcumas, is é sin an míchumas atá ort a chialláinn nach bhfuil tú in ann gnáthstíl bheatha a bheith agat mar thoradh ar chailliúint nó páirtchailliúint na ngnáthchumas fisiciúil nó meabhrach, de bharr an ghortaithe nó an ghalair oibre.

Ach d'fhéadfaí an ráta seo a athrú chun aon chailliúint a bhí mar thoradh ar thimpistí roimhe sin nó coinníollacha leighis a bhí ann cheana, a chur san áireamh.

## Samplaí de mheasúnú

Gortú	Cailliúint cumais
An dá lámh a chailliúint	100%
Súil amháin a chailliúint	40%
Ordóg a chailliúint	30%
Dhá mhéar a chailliúint ó lámh amháin	20%
Corrmhéar a chailliúint	14%

## 5. Conas a fhaightear an íocaíocht?

Íoctar Sochar Míthreorach go díreach isteach i do chuntas in institiúid airgeadais. Is iad na buntáistí a bhaineann le d'íocaíocht a fháil ar an gcaoi seo ná:

- íoctar é go díreach isteach i do chuntas ar lá na híocaíochta
- bíonn sé ar fáil ag am agus in áit atá oiriúnach duitse
- d'fhéadfadh laghdú a bheith ann ar aon mhoill nó ar scuainí

Bíonn an déileáil idir tú féin agus d'institiúid airgeadais go hiomlán faoi rún. Níl sé de chumas ag an Roinn do chuntas bainc nó do chuntas i gcumann foirgníochta a rochtain.

## 6. Conas agus cén uair ba cheart iarratas a dhéanamh?

Murar féidir leat a bheith ag obair tar éis na timpiste nó an ghortaithe, cuir iarratas isteach ar Shochar Díobhála, rud is féidir a fháil ar feadh suas go dtí 26 seachtain tar éis na timpiste nó tar éis don ghalar teacht ort. Féach ar leabhrán eolais **SW 30** chun níos mó sonraí a fháil.

Ba cheart duit iarratas a chur isteach ar Shochar Míthreorach sula dtiocfaidh deireadh le d'íocaíocht de Shochar Díobhála, má tá sé mar thoradh ar an timpiste nó an galar go gcailleann tú aon chumas fisiciúil nó meabhrach.

### Tábhachtach

**Ba cheart duit iarratas a chur isteach taobh istigh de 3 mhí ó dháta na timpiste nó ó tháinig an galar ort. Mura gcuireann tú d'iarratas isteach in am d'fhéadfá cuid den sochar a chailliúint.**

Más féidir leat a bheith ag obair tar éis na timpiste nó an ghalair, cuir iarratas isteach ar Shochar Míthreorach chomh luath agus is féidir agus ar a dhéanaí, taobh istigh de 3 mhí ó dháta na timpiste nó ó tháinig an galar ort. Gheobhaidh tú Sochar Míthreorach ón gceathrú lá ó chaill tú do chumas.

### Tábhachtach

**Ba cheart duit iarratas a chur isteach taobh istigh de 3 mhí tar éis don Sochar Díobhála a bheith ag críochnú. Mura gcuireann tú d'iarratas isteach in am d'fhéadfá cuid den sochar a chailliúint.**

## 7. Cén bunús ar an ndéantar siardhátú ar éilimh?

Má chuireann tú d'iarratas isteach go déanach, d'fhéadfaimis machnamh a dhéanamh ar shiardhátú a dhéanamh ar do Shochar Míthreorach, san aon chás amháin:

- go bhfuair tú eolas bréagach nó míthreorach uainne,
- mura raibh tú in ann iarratas a chur isteach níos luaithe, mar gheall ar ghortú tromchúiseach, mar shampla,
- gur tharla force majeure (eachtra a bhí chomh mór sin go raibh sé dódhéanta iarratas a chur isteach in am), mar shampla tine nó tuile i do theach, nó
- go mbíonn deacrachtaí agat le billí riachtanacha a íoc.

## Conas iarratas a chur isteach

Líon isteach foirm **OB 21** chun iarratas a chur isteach agus seol í go dtí:

### Rannóg an tSochair Míthreorach

Oifig Seirbhísí Leasa Shóisialaigh

Tithe an Rialtais

Bóthar Bhéal Átha na Lao

An Longfort.

Guthán:           An Longfort           (043) 334 00 00  
                           Baile Átha Cliath   (01) 704 3000

## 8. Céard a tharlaíonn má theastaíonn uaim iarratas a chur isteach ar Shochar Míthreorach níos déanaí?

Ní hé an cás i gcónaí go mbíonn tinneas nó cailliúint cumais i gceist láithreach le timpistí oibre nó galair gairme.

Mura bhfuil míchumas ort ar an bpointe boise ach má tá tú ag iarraidh an ceart atá agat chun Sochar Míthreorach a fháil amach anseo a chosaint, ba cheart duit:

- **a rá le d'fhostóir faoin timpiste nó faoin ngalar; agus**
- **iarratas a chur isteach ar dhearbhu gur bhain do thimpiste nó do ghalar le do chuid oibre.**

**Ba cheart é seo a dhéanamh gan mhoill.**

Tá foirmeacha dearbhaithe (**DB/OB 1**) le fáil ó:

### Rannóg an tSochair Díobhála

Oifig Seirbhísí Leasa Shóisialaigh

Áras Mhic Dhiarmada

Sráid an Stórais

Baile Átha Cliath 1

Guthán: (01) 704 3000

Má thagann míthreoir ort níos déanaí, ba cheart duit iarratas a chur isteach taobh istigh de 3 mhí tar éis duit í a thabhairt faoi deara.

## 9. An féidir liom íocaíochtaí leasa shóisialaigh eile a fháil le Sochar Míthreorach?

Má fhaigheann tú Pinsean Míthreorach agus mura bhfuil tú in ann obair a dhéanamh, d'fhéadfá a bheith cáilithe do Shochar Breoiteachta, bunaithe ar do thaifead ÁSPC. Féach ar leabhrán eolais **SW 119** chun níos mó sonraí a fháil.

Mura bhfuil tú cáilithe do Shochar Breoiteachta, d'fhéadfá a bheith i dteideal Forlíonadh Éagumais a fháil.

### Forlíonadh Éagumais

Is méadú é seo a bhaineann leis an bPinsean Míthreorach i gcás go bhfuil míchumas oibre buan ort, mar thoradh ar thimpiste nó galar oibre agus mura bhfuil tú cáilithe d'íocaíocht leasa shóisialaigh eile cosúil le Sochar Breoiteachta.

Má fhaigheann tú Forlíonadh Éagumais, d'fhéadfá méadú a fháil d'aon duine fásta nó leanaí cáilithe.

### Cé atá mar dhuine fásta cáilithe?

Má tá tú pósta nó má tá tú i do chónaí le duine mar fhear agus mar bhean chéile, agus an duine sin á c(h)othú agat go hiomlán nó go príomha, d'fhéadfá a bheith i dteideal méadú a fháil don duine seo mar dhuine fásta cáilithe.

Más duine singil, baintreach (fir) nó duine scartha thú, d'fhéadfá an méadú a fháil do dhuine atá 16 bliain d'aois nó níos sine agus a thugann aire do leanaí atá ina gcónaí leat, a fhad is go bhfuil an duine sin ina c(h)ónaí leat agus go bhfuil sé/sí á c(h)othú agat.

Ní féidir leat méadú a fháil do dhuine fásta cáilithe má tá:

- ioncam seachtainiúil de bhreis is €280.00 aige/aici, (má tá a (h)ioncam seachtainiúil comhlán idir €100.00 agus €280.00, d'fhéadfá méadú laghdaithe a fháil le d'íocaíocht),

nó



- má fhaigheann sé/sí íocaíocht Leasa Shóisialaigh nó ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ina c(h)earr féin, nó
- murar féidir leis/léi íocaíochtaí dífhostaíochta a fháil mar go bhfuil sé/sí páirteach in aighneas trádála.

### Méadú do Leanbh Cáilithe

Is féidir leat éileamh a chur isteach ar mhéadú do leanbh atá faoi 18 bliain d'aois, atá ina c(h)ónaí leat de ghnáth agus atá á t(h)acú agat.

Is féidir leat méadú a fháil do leanbh atá idir 18 agus 22 bliain d'aois chomh maith, má tá sé/sí in oideachas lánaimseartha i rith an lae.

### Ráta an Mhéadaithe do Leanbh Cáilithe

- Má tá tú cáilithe do mhéadú le haghaidh do chéile nó do pháirtí, gheobhaidh tú an Méadú iomlán do Leanbh Cáilithe.
- Mura bhfuil tú cáilithe do mhéadú le haghaidh duine fásta cáilithe, d'fhéadfá leath den Mhéadú do Leanbh Cáilithe a fháil.
- Má fhaigheann do chéile nó do pháirtí íocaíocht leasa shóisialaigh ina chearr féin, gheobhaidh sé/sí leath an Mhéadaithe do Leanbh Cáilithe atá oiriúnach dá (h)íocaíocht agus gheobhaidh tusa leath den Mhéadú do Leanbh Cáilithe le d'Fhorlíonadh Éagumais.

Ní féidir leat méadú a fháil do leanbh a fhaigheann íocaíocht leasa shóisialaigh dó/di féin, mar shampa Liúntas Míchumais nó íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora.

## Conas iarratas a chur isteach

Má cheapann tú go bhféadfá a bheith cáilithe d'Fhorlíonadh Éagumais, ba cheart duit cuid 6 den fhoirm éilimh **OB 21** a líonadh isteach agus í a sheoladh chuig:

### Rannóg an tSochair Míthreorach

Oifig Seirbhísí Leasa Shóisialaigh

Tithe an Rialtais

Bóthar Bhéal Átha na Lao

An Longfort.

Guthán:	An Longfort	(043) 334 00 00
	Baile Átha Cliath	(01) 704 3000

## Liúntas Freastail Leanúnaigh

Is féidir an liúntas seo a íoc go seachtainiúil mar mhéadú le Pinsean Míthreorach i gcás go bhfuil an oiread míchumais ort gur gá go mbíonn duine ag cabhrú leat sa bhaile gach lá le do riachtanais phearsanta ar feadh 6 mhí ar a laghad.

Ní íoctar an liúntas seo nuair a bhíonn Liúntas nó Sochar Cúramóra á íoc leis an duine céanna.

### Nóta

**Íoctar an liúntas seo go díreach leis an duine a bhfuil míchumas air/uirthi. Ní gá go mbeadh cúramóir ar leith aige/aici. Tá sé i gceist ligean dó/di íoc as aon chúram atá ag teastáil.**

Caithfear measúnú a dhéanamh ort le deimhniú go bhfuil leath de do chumas fisiciúil agus meabhrach cailte agat ar a laghad, le bheith cáilithe dó seo. Tá ráta an Liúntais Freastail Leanúnaigh le feiceáil i leabhrán Rátaí na nÍocaíochtaí **SW 19**.

D'fhéadfá Deontas Faoisimh bliantúil a fháil leis an Liúntas Freastail Leanúnaigh, má fhaigheann tú an liúntas ar an gcéad Déardaoin i Meitheamh na bliana sin. Féach ar leabhrán Rátaí na nÍocaíochtaí **SW19**, agus leabhrán an Deontais do Chúram Faoisimh **SW 113** chun níos mó sonraí a fháil.

## Liúntas Cúramóra

### Nóta

ó Mheán Fómhair 2007, d'fhéadfadh sé a bheith indéanta leath den Liúntas Cúramóra a fháil in éineacht le teidlíocht leasa shóisialaigh eile.

## 10. An féidir iarratas a chur isteach ar chostais leighis?

Is féidir aisíocaíocht a fháil de chostais cúram leighis mura bhfuil siad á n-íoc ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nó ag Scéim Sochar Cóiréala na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlai. Féach ar leabhrán eolais **SW 34** chun níos mó sonraí a fháil faoin Scéim um Chúram Leighis.

## 11. Cén áit ar féidir a thuilleadh eolais a fháil?

Téigh i dteagmháil le d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil nó le **Rannóg an tSochair Míthreorach** ag an seoladh ar leathanach 10 chun níos mó eolais a fháil faoi Shochair Míthreorach.

Is féidir leat níos mó eolais a fháil faoi sheirbhísí leasa shóisialaigh, nó leabhráin eolais agus foirmeacha iarratais a fháil:

- ar an Idirlíon ag **www.welfare.ie**,  
nó
- ó d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil (féach ar an Eolaire Stáit an chuid sa leabhar gutháin nó sna Leathanaigh Bhuí le haghaidh uimhreacha teagmhála),  
nó

- trí ghlaoch a chur ar Líne Lóghlao na Roinne d'Iarratais Bileog ag **1890 20 23 25**,  
nó
- trí ghlaoch a chur ar na Seirbhísí Eolais ar Lóghlao **1890 66 22 44** (ó Phoblacht na hÉireann) nó **00 353 71 91 93313**.

### Leabhráin úsáideacha eile

Rátaí Íocaíochta	SW 19
Sochar Cóireála	SW 24
Sochar Díobhála	SW 30
Sochar Báis	SW 32
Galair Oibre Fhorordaithe	SW 33
Scéim Cúram Leighis	SW 34
Deontas Cúram Faoisimh	SW 113
Sochar Breoiteachta	SW 119